Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Roinn na Gaeilge
# Ollscoil na Gaillimhe

# Leabhrán Eolais

# Bliain na Céime sa Ghaeilge 2025-2026

www.ollscoilnagaillimhe.ie/gaeilge/

# Clár


Fáilte go Bliain na Céime....3
Sonraí Teagmhála....4
Foireann Teagaisc....5
Bliain na Céime: Struchtúr na Bliana....7
Clár Ama....8
Clár na Modúl....9
Modúil Teanga: NG4113 agus NG4114....12
Achoimre ar na Modúil....15
Beartas maidir le spriocanna agus measúnú leanúnach....22
Beartas maidir le Bradaíl agus Tagairt í a úsáid....23
Bileog Stíle / Treoir faoi Thagairtí ....24

## Fáilte go Bliain na Céime

Fáilte romhat ar ais go Roinn na Gaeilge anseo in Ollscoil na Gaillimhe. Tá súil agamsa agus ag an bhfoireann uile go mbainfidh tú idir thaitneamh agus thairbhe as an mbliain úr acadúil, agus tá súil ar leith againn go n-éireoidh go geal leat i gcúrsa na bliana seo.

Beidh trí mhodúl ar siúl in aghaidh an tseimeastair ag formhór na mac léinn:

Seimeastar 1: Teanga na Nua-Ghaeilge III (NG4113), Filí agus Filíocht na Gaeilge 700-1900 (NG4101), agus modúl ó liosta na modúl roghnach.

Seimeastar 2: Teanga na Nua-Ghaeilge III (NG4114), An Béaloideas – An Scéalaíocht (NG4105), Próslitríocht na Gaeilge (NG4109).

**Tá sé an-tábhachtach freastal ar do chuid léachtaí, gníomhaíochtaí, ranganna agus seimineár agus ar do chuid ranganna teagaisc teanga ar fad.**

Más spéis leat na cúrsaí seo a phlé liom, is féidir scríobh chugam ar an ríomhphost nó coinne a dhéanamh liom le labhairt liom san oifig, nó ar Teams, Zoom nó a leithéid.

Go n-éirí leat!

Jeannine

Jeannine Woods
Comhordaitheoir Bhliain na Céime
Áras na Gaeilge, Seomra 213
jeannine.woods@ollscoilnagaillimhe.ie

## Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| **Comhordaitheoir bliana** | **An Dr. Jeannine Woods**<br>Seomra: 213, Áras na Gaeilge<br>jeannine.woods@ollscoilnagaillimhe.ie |
| **Riarthóir na Roinne:** | **Fiona de Paor**<br>Seomra: 215, Áras na Gaeilge<br>fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie |
| **Ceann Roinn na Gaeilge** | **An tOllamh Rióna Ní Fhrighil**<br>Seomra: 205, Áras na Gaeilge<br>riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie |

**Láithreán Gréasáin:** https://www.universityofgalway.ie/gaeilge/

## An Fhoireann Teagaisc

**An Dr. Clodagh Downey**, BA, PhD
Seomra: 203, folíne: 2556
Ríomhphost: clodagh.downey@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Teanga agus litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge; filíocht na Meán-Ghaeilge.

**An Dr. Graham Isaac**, BA, PhD
Seomra: 105, folíne: 2550
Ríomhphost: graham.isaac@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Filiocht na Sean-Nhreatnaise agus na Meán-Bhreatnaise, teangeolaíocht chomparáideach na dteangacha Ceilteacha agus Ind-Eorpacha, teangacha Ceilteacha na Mór-roinne.

**An Dr. Lesa Ní Mhunghaile**, BA, ADCF, PhD
Seomra: 202, folíne: 4338 *[ar bhliain shabóideach 2025-26]*
Ríomhphost: lesa.nimhunghaile@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Filíocht an 17-19ú haois; traidisiún na lámhscríbhinní déanacha; oidhreacht Oirialla; na laoithe Fiannaíochta; lucht an chinsil agus saíocht na Gaeilge; An Seabhac agus athbheochan na Gaeilge; an Ghaeilge i gCeanada sa 19ú haois.

**An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil,** BA, MPhil, PhD
Seomra: 205, folíne: 2585
Riomhphost: riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Nuafhilíocht na Gaeilge; cearta an duine agus cúrsaí litríochta; léiriú na nGiúdach i dtraidisiún liteartha na Gaeilge; an t-aistriúchán liteartha; teagasc, foghlaim agus measúnú teanga.

**An Dr. Ailbhe Nic Giolla Chomhaill**, BA, MA, PhD
Seomra 117, folíne: 5709
Ríomhphost: ailbhe.nicgiollachomhaill@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Cultúr béil na Gaeilge; Cnuasach Bhéaloideas Éireann; traidisiún scéalaíochta na mban; an béaloideas agus an éiceolaíocht; tionchar na himirce ar an traidisiún béil; litríocht na gConallach.

**An Dr. Liam Ó hAisibéil**, BA, MA, PhD
Seomra: 117, folíne: 2578
Riomhphost: liam.ohaisibeil@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Ainmeolaíocht - logainmneacha, sloinnte, ainmneacha pearsanta agus leasainmneacha na Gaeilge; litríocht, stair agus cultúr meánaoiseach na hÉireann; an Léann Ceilteach.

**An Dr. Colm Ó Cuaig**, BA, MA, PhD
Seomra: 208, folíne: 3061
Ríomhphost: colm.ocuaig@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Teanga agus litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche; léann na lámhscríbhinní; an prós; foclóireacht; teangeolaíocht chorpais, teicneolaíochtaí teanga.

**An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin**, BA, PhD
Seomra: 119, folíne: 2560 [ar bhliain shabóideach 2024-25]
Ríomhphost: tadhg.ohifearnain@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Teanga agus sochaí, go háirithe teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban agus Mhanann; teangacha mionlaithe agus neamhfhorleathana; caighdeáin agus canúintí; an choimhlint teanga; teanga agus saíocht na Gaeilge ón 17ú haois i leith.

**An Dr. Oisín Ó Muirthile,** BA, MA, PhD
Seomra 209, folíne: 2892
Ríomhphost: oisin.omuirthile@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Stair agus forbairt na Gaeilge, idir Luath agus Nua; litríocht na Luath-Ghaeilge; an tsanasaíocht; an teangeolaíocht chomparáideach agus Léann na hInd-Eorpaise; teangacha an Lucht Siúil; aistriúchán liteartha na Nua-Ghaeilge.

**An Dr. Jeannine Woods**, BA, MA, PhD
Seomra: 213, folíne: 3960
Ríomhphost: jeannine.woods@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: léann an iarchoilíneachais; scannánaíocht na Gaeilge; drámaíocht na Gaeilge; an inscne agus an ghnéasúlacht i litríocht agus dioscúrsa na Gaeilge; an chritic iarchoilíneach agus chultúrtha.

**Teagascóirí Teanga NG4113 agus NG4114:**

**Anne Corbett**, BA, Dip., MA
Ríomhphost: anne.corbett@ollscoilnagaillimhe.ie

**Caroline Ní Nia**, BA, MA
Ríomhphost: caroline.ninia@ollscoilnagaillimhe.ie

# BLIAIN NA CÉIME: SRUCHTÚR NA BLIANA

| Seimeastar 1 [15 ECTS] | Seimeastar 2 [15 ECTS] |
|---|---|
| NG4113 Teanga na Nua-Ghaeilge III [5 ECTS] | NG4114 Teanga na Nua-Ghaeilge IV [5 ECTS] |
| NG4101 Filí agus Filíocht na Gaeilge 700-1900 [5 ECTS] | NG4105 An Béaloideas – An Scéalaíocht [5 ECTS] |
| Modúl Amháin as an liosta seo [5 ECTS]<br>• NG4102 Miontráchtas Taighde i Léann na Gaeilge<br>• NG4103 Scannánaíocht na Gaeilge<br>• NG4104 Cineál agus Ceart na Gaeilge<br>• NG4106 Ainmeolaíocht na Gaeilge<br>• NG4112 Scríbhneoirí Thír Chonaill<br>• NG4116 Litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche<br>• NG4117 An Dán Fada sa Ghaeilge<br>• WE111 Introduction to Welsh Language | NG4109 Próslitríocht na Gaeilge [5 ECTS] |

**Modúil teanga: Beidh dhá uair an chloig ranganna teagaisc ag gach mac léinn sa mhodúl NG4113 (Seimeastar 1) agus NG4114 (Seimeastar 2) sa bhreis ar na léachtaí. Is gá clárú don mhodúl teanga ar Canvas ag tús na bliana. Tá dhá ghrúpa ann:**

**Grúpa 1 - Ranganna atá ar fáil do mhic léinn a fuair 60% nó níos airde in NG228 – Dé Máirt 12-2 (slot A) & Dé Céadaoin 1-3 (slot B)**

**Grúpa 2 - Ranganna atá ar fáil do mhic léinn a fuair níos lú ná 60% in NG228 – Dé Luain 3-5 (slot A) & Déardaoin 12-2 (slot B)**
**Beidh tú ag clárú do slot A nó slot B sa ghrúpa cuí**

# CLÁR AMA

<table>
<tr><th>SEIM 1</th><th>Dé Luain</th><th>Dé Máirt</th><th>Dé Céadaoin</th><th>Déardaoin</th></tr>
<tr><td>11.00 - 12.00</td><td></td><td>NG4101 Filí agus Filíocht na Gaeilge 700-1900<br>Téatar</td><td>NG41XX/WE111<br>Modúil Roghnacha</td><td></td></tr>
<tr><td>12.00 - 1.00</td><td></td><td rowspan="2">NG4113 Rang Teagaisc<br>Téatar</td><td></td><td rowspan="2">NG4113 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td></tr>
<tr><td>1.00 - 2.00</td><td></td><td rowspan="2">NG4113 Rang Teagaisc<br>Seomra 104</td></tr>
<tr><td>2.00 - 3.00</td><td></td><td>NG41XX/WE111<br>Modúil Roghnacha</td><td rowspan="2">NG4113 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td></tr>
<tr><td>3.00 - 4.00</td><td rowspan="2">NG4113 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td><td></td><td>NG4101 Filí agus Filíocht na Gaeilge 700-1900<br>Téatar</td></tr>
<tr><td>4.00 - 5.00</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

<table>
<tr><th><u>SEIM2</u></th><th>Dé Luain</th><th>Dé Máirt</th><th>Dé Céadaoin</th><th>Déardaoin</th></tr>
<tr><td>10.00 - 11.00</td><td></td><td></td><td></td><td>NG4109 Próslitríocht na Gaeilge<br>Téatar</td></tr>
<tr><td>11.00 - 12.00</td><td></td><td>NG4105 An Béaloideas – An Scéalaíocht<br>Téatar</td><td>NG4105 An Béaloideas – An Scéalaíocht<br>Téatar</td><td></td></tr>
<tr><td>12.00 - 1.00</td><td></td><td rowspan="2">NG4114 Rang Teagaisc<br>Téatar</td><td></td><td rowspan="2">NG4114 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td></tr>
<tr><td>1.00 - 2.00</td><td></td><td rowspan="2">NG4114 Rang Teagaisc<br>Seomra 104</td></tr>
<tr><td>2.00 - 3.00</td><td></td><td>NG4109 Próslitríocht na Gaeilge<br>Téatar</td><td rowspan="2">NG4114 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td></tr>
<tr><td>3.00 - 4.00</td><td rowspan="2">NG4114 Rang Teagaisc<br>Seomra 116</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>4.00 - 5.00</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

**Seimeastar 1**

**Teagasc: 8 Meán Fómhair – 28 Samhain 2025**

# BLIAIN NA CÉIME: CLÁR NA MODÚL

**1. NG4113: Teanga na Nua-Ghaeilge III**
Ranganna le tosach i Seachtain 2 (16 Meán Fómhair i leith)

Teagascóirí: Anne Corbett agus Caroline Ní Nia
Comhordaitheoir: Jeannine Woods

**2. NG4101: Filí agus Filiocht na Gaeilge 700-1900**
Am: An Mháirt 11.00-12.00
An Chéadaoin 15.00-16.00
Seomra: Téatar
Léachtóir: Ailbhe Nic Giolla Chomhaill; Ríóna Ní Fhrighil

**3. Modúl amháin le roghnú ón liosta seo:**
Léachtaí ar siúl Dé Máirt 14.00-15.00, Dé Céadaoin 11.00-12.00, seomraí éagsúla

- **NG4102 Miontráchtas Taighde i Léann na Gaeilge***
  Comhordaitheoir: Jeannine Woods
  *Taighde faoi stiúir léachtóra (ní féidir clárú don mhodúl seo ach sa chás gur bhain tú amach 60% sa Ghaeilge sa dara bliain),

- **NG4103 Scannánaíocht na Gaeilge****
  Léachtóir: Jeannine Woods
  **Ní bheidh mic léinn a bhfuil an modúl NG2102 nó an cúrsa ar an scannánaíocht a bhí ina chuid de NG259 déanta acu cheana féin i dteideal tabhairt faoin modúl seo),

- **NG4104 Cineál agus Ceart na Gaeilge**
  Léachtóir: Tadhg Ó hIfearnáin

- **NG4106 Ainmeolaíocht na Gaeilge*** ^**
  Léachtóir: Liam Ó hAisibéil
  *** Ní bheidh mic léinn a bhfuil an modúl NG2107 déanta acu i dteideal tabhairt faoin modúl seo.
  ^Beidh léacht amháin sa mhodúl seo ar siúl ar an Déardaoin ar 10.00. Caithfidh mic léinn a bheith ar fáil le freastal ar léachtaí uile an mhodúil,

- **NG4112 Scríbhneoirí Thír Chonaill**
  Léachtóir: Ailbhe Nic Giolla Chomhaill

- **NG4116 Litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche**
  Léachtóir: Colm Ó Cuaig

- **NG4117 An Dán Fada sa Ghaeilge**
  Léachtóir: Ríóna Ní Fhrighil

- **WE111 Introduction to Welsh Language**
  Léachtóir: Graham Isaac

**Seimeastar 2**

**Teagasc: 12 Eanáir – 2 Aibreán 2026**

# BLIAIN NA CÉIME: CLÁR NA MODÚL

**1. NG4114: Teanga na Nua-Ghaeilge IV**

Ranganna le tosach i Seachtain 1.

Teagascórí: Anne Corbett agus Caroline Ní Nia
Comhordaitheoir: Jeannine Woods

**2. NG4105: An Béaloideas – An Scéalaíocht**

Am: An Mháirt 11.00-12.00
An Chéadaoin 11.00-12.00
Seomra: Téatar
Léachtóir: Ailbhe Nic Giolla Chomhaill

**3. NG4109: Próslitríocht na Gaeilge**

Am: An Mháirt 13.00-14.00
Déardaoin 10.00-11.00
Seomra: Téatar
Léachtóir: Colm Ó Cuaig

# Modúil Teanga: NG4113 & NG4114

Beidh dhá uair an chloig ranganna teagaisc Gaeilge agat in aghaidh na seachtaine (NG4113 i Seimeastar 1 agus NG4114 i Seimeastar 2). Socrófar na ranganna teagaisc ag tús na bliana. Sa dara seimeastar, tosóidh na ranganna teagaisc ag an am céanna leis na léachtaí eile i ndiaidh shaoire na Nollag.

## Cur síos: NG4113

Sa mhodúl seo tabharfar deis don mhac léinn tuilleadh feabhais a chur ar a scileanna teanga ó thaobh na scríbhneoireachta agus na cainte. Déanfar é sin trí dhíriú ar shraith téamaí leathana a bhaineann le saol an mhic léinn i mbliain na céime agus atá oiriúnach dá saol i ndiaidh na céime, mar shampla sa láthair oibre. Pléifear míreanna gramadaí agus struchtúir teanga a mbeifí ag súil le máistreacht orthu ag leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha agus cuirfear le cumas an mhic léinn iad a úsáid i gceart. Roghnóidh an mac léinn ábhar taighde dá spéis féin agus bunófar measúnacht leanúnach an mhodúil ar an ábhar sin. Déanfaidh an mac léinn forbairt ar an ábhar sin sa mhodúl NG4114.

## Cur síos: NG4114

Sa mhodúl seo tabharfar deis don mhac léinn tuilleadh feabhais a chur ar a scileanna teanga ó thaobh na scríbhneoireachta, an chur i láthair agus na cainte go dtí an leibhéal a mbeifí ag súil leis ag deireadh na céime. Déanfar é sin trí dhíriú ar shraith téamaí leathana a bhaineann le saol an mhic léinn i mbliain na céime agus atá oiriúnach dá saol i ndiaidh na céime, mar shampla sa láthair oibre. Pléifear míreanna gramadaí agus struchtúir teanga a mbeifí ag súil le máistreacht orthu ag leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha agus cuirfear le cumas an mhic léinn iad a úsáid i gceart. Bunófar measúnacht leanúnach an mhodúil ar thascanna a bhaineann leis an ábhar taighde a roghnaigh an mac léinn mar chuid den mhodúl NG4113. Déanfaidh an mac léinn cur i láthair ranga faoin ábhar sin mar chuid den mheasúnacht leanúnach agus pléifidh sé/sí an t-ábhar sa scrúdú cainte.

## Torthaí foghlama an dá mhodúl

1. **Cruinneas gramadaí:** Déanfar daingniú agus treisiú ar an tuiscint a shealbhaigh na mic léinn sa chéad agus sa dara bliain maidir le struchtúir na teanga sa tslí is go léireoidh siad leibhéal ard cruinnis ina gcuid cainte agus ina gcuid scríbhneoireachta, tuiscint mhaith ar struchtúir na teanga agus ar an ngaol atá ag patrúin éagsúla lena chéile.
2. **Stór focal:** Beidh réimse leathan stór focal agus saibhreas cainte ag an mac léinn chun labhairt agus scríobh go líofa agus go muiníneach faoi réimsí a bhaineann leis an siollabas agus faoi fhormhór na dtopaicí a thiocfadh chun cinn sa chaint laethúil.
3. **Léamhthuiscint:** Beidh na mic léinn ábalta léamh go neamhspleách agus stíl agus luas a gcuid léitheoireachta a chur in oiriúint do théacsanna éagsúla agus d'aidhmeanna éagsúla léitheoireachta. Ní bheidh stró mór ar na mic léinn formhór na dtéacsanna atá bainteach lena gcúrsa léinn a thuiscint agus beidh tuiscint shásúil acu ar réimse leathan téacsanna eile a d'fhéadfadh a theacht ina dtreo, chomh fada is nach saincháipéisí casta nó téacsanna le teanga neamhchoitianta neamhghnách atá iontu.

4. **Scríbhneoireacht:** Faoi dheireadh an cheathrú bliain beidh na mic léinn ábalta téacsanna soiléire, struchtúrtha a chur ar fáil a mbeidh cruinneas maith gramadaí agus líofacht teanga le sonrú orthu. Beidh solúbthacht ag baint lena gcuid scríbhneoireachta, beidh an méid a scríobhann siad ceart ó thaobh réime de agus beidh ar a gcumas athrá rialta a sheachaint. Beidh siad in ann a gcuid féin a dhéanamh den eolas i bhfoinsí éagsúla agus tagairtí a dhéanamh do thuairimí agus do théacsanna daoine eile ar an modh atá inghlactha sa scríbhneoireacht acadúil (tuiscint ar an mbradaíl liteartha san áireamh).
5. **Cluastuiscint:** Beidh scileanna forbartha ag na mic léinn chun dul i ngleic leis na cineálacha téacsanna éisteachta is coitianta a thiocfaidh ina dtreo. Léireoidh siad tuiscint mhaith ar ghnáth-théacsanna caighdeánacha atá bainteach le topaicí an tsiollabais, a gcúrsa léinn, an fearann oideachais (a saol pearsanta, sóisialta agus acadúil). Tabharfaidh siad leo éirim ghinearálta agus príomhphointí téacsanna casta teibí nach bhfuil bainteach lena réimse spéise nó eolais. Ní chuirfidh isteach ar a gcuid tuisceana ach caint neamhshoiléir, caint atá an-chanúnach agus plé domhain ar nithe nach bhfuil aon eolas acu orthu.
6. **An chaint:** Beidh na mic léinn líofa agus spontáineach go leor ina gcuid cainte chun a bheith ábalta déileáil go muiníneach le hidirghníomhaíocht le cainteoirí líofa agus ní chaithfidh siad srian ná teorainn a chur leis an méid a bheidh á rá acu. Beidh na mic léinn ábalta an teanga a úsáid go líofa, go cruinn agus ar bhealach éifeachtach agus iad ag plé le réimse leathan topaicí (topaicí a bhaineann leis an siollabas, leis an saol laethúil, leis an saol acadúil, le rudaí atá i mbéal an phobail).
7. **An fhoghraíocht:** Beidh na mic léinn ar a gcompord le mórchanúint amháin agus sa chás nach mbeidh canúint ar leith le sonrú, beidh fuaimeanna na Gaeilge á ndéanamh go sásúil acu, beidh rithim nádúrtha ina gcuid cainte agus beidh na deacrachtaí foghraíochta a chuireann an teanga as a riocht glanta den chuid is mó. Léireoidh na mic léinn smacht agus tuiscint ar chúrsaí béime agus ní dhéanfaidh siad earráidí rialta sa ghné sin.
8. **Oiriúnacht shochtheangeolaíoch:** Beidh na mic léinn ábalta iad féin a chur in iúl go muiníneach, go soiléir agus go béasach i réim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, oiriúnach don chomhthéacs agus don duine atá i gceist (baineann seo le labhairt agus scríobh). Beidh na mic léinn ábalta réimse leathan cora cainte agus nathanna sa chaint choitianta a aithint agus úsáid áirithe a bhaint astu. Beidh solúbthacht ag baint leis an úsáid a bhainfidh na mic léinn as an teanga – beidh siad in ann déileáil go héifeachtach le húsáid na teanga i suíomh sóisialta agus ábalta plé le greann, mothúcháin agus an chaint indíreach.

## NG4113 agus NG4114: Measúnacht agus tascanna

Úsáidtear Fillteán Foghlama.

**Struchtúr na measúnachta**

1. **NG4113**

Measúnú leanúnach: 30%

Scrúdú in-tí: 20%

Scrúdú scríofa: 50%

## 2. NG4114

Measúnú leanúnach: 30%

Scrúdú scríofa: 30%

Scrúdú cainte: 40%

**Tascanna**

*Seimeastar 1*

1. M'ábhar taighde – plean oibre
2. Aiseolas
3. Agallamh nó Ceistneoir nó *Voxpop*
4. Aiste & Leabharliosta acadúil
5. Féinmheasúnú & Anailís

*Seimeastar 2*

6. Mír Fuaime – anailís ar fhoinsí
7. Cur i láthair – le déanamh sa rang
8. Léirmheas ar chur i láthair eile
9. Mo chéim agus mo chuid scileanna inaistrithe – mír físe

Tá tuilleadh eolais faoi na tascanna ar fáil sa leabhrán faoin bhFillteán Foghlama.

**An Dara Suí:**

NG4113: Beidh marcanna an dara suí bunaithe ar an scrúdú scríofa i seisiún an tsamhraidh

NG4114: Beidh marcanna an dara suí bunaithe ar scrúdú cainte an tsamhraidh (30%) agus ar scrúdú scríofa an tsamhraidh (70%). Ní gá an an scrúdú cainte a dhéanamh sa dara suí má bhaineann an mac léinn pas amach sa scrúdú cainte ag an gcéad suí.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta :**

Beidh Roinn na Gaeilge sásta litir a sholáthar dóibh siúd a bhaineann 60% nó níos airde amach i scrúdú scríofa agus cainte NG4114 le rá go bhfuil an leibheal B2.2 ar a laghad acu de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

# ACHOIMRE AR NA MODÚIL

## Seimeastar 1 :

### NG4101: Filí agus Filíocht na Gaeilge 700-1900

**Ailbhe Nic Giolla Chomhaill agus Ríóna Ní Fhrighil**

**Seomra: Téatar**

Breathnófar sa mhodúl seo ar stair fhilíocht na Gaeilge sa tréimhse i ndiaidh 1700 nuair a bhí seanchóras na nGael ag titim as a chéile agus ceannas á ghlacadh de réir a chéile ag Sasana ar Éirinn. Tabharfar léargas ar na príomhfhilí i dtrí cheantar éagsúla, mar atá, an Mhumhain, Oirialla agus Connachta (agus gan dearmad a dhéanamh ar fhilí áirithe i gCúige Laighean). Gheofar léargas ar an gcúlra polaitiúil agus sóisialta sa chéad bliain roimh an Ghorta Mór, agus féachfar chomh maith ar an ról a bhí ag cúrsaí creidimh nó reiligiúnda, agus aighneas chreidimh san áireamh i saothar na bhfilí. Tabharfar léiriú freisin ar ghnáthshaol na ndaoine sa tréimhse seo le cabhair shaothar na bhfilí céanna.

### Caithfidh gach mac léinn modúl amháin astu seo a roghnú:

- **NG4102 Miontráchtas Taighde i Léann na Gaeilge***
- **NG4103 Scannánaíocht na Gaeilge****
- **NG4104 Cineál agus Ceart na Gaeilge**
- **NG4106 Ainmeolaíocht na Gaeilge***^**
- **NG4112 Scríbhneoirí Thír Chonaill**
- **NG4116 Litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche**
- **NG4117 An Dán Fada sa Ghaeilge**
- **WE111 Introduction to Welsh Language**

## NG4102 Miontráchtas Taighde i Léann na Gaeilge

### Comhordaitheoir: Jeannine Woods

***Modúl taighde é seo. Ní féidir clárú don mhodúl seo ach sa chás gur bhain tú amach 60% sa Ghaeilge sa dara bliain.**

Déanfaidh an mac léinn taighde neamhspleách faoi stiúir agus scríobhfaidh miontráchtas 5,000 focal ar an ábhar taighde sin. Cuirfidh an mac léinn lena scileanna taighde, anailíse agus scríbhneoireachta i sainréimse de chuid Léann na Gaeilge. Moltar an modúl do mhic léinn atá ag smaoineamh tabhairt faoi iarchéim agus/nó a bhfuil suim faoi leith acu i gceann de na réimsí taighde a bhfuil saineolas ag foireann na Roinne iontu.

Tá liosta de na baill foirne agus na réimsí léinn a mbeidh siad sásta taighde a stiúradh iontu anseo thíos. Ba cheart don mhac léinn labhairt le duine de na stiúrthóirí seo chun ábhar taighde agus miontráchtais a shocrú:

### An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil

- Filíocht chomhaimseartha na Gaeilge
- Cearta an duine agus an litríocht
- An t-aistriúchán liteartha
- Cúrsaí éiceolaíochta agus an litríocht
- Litríocht na Gaeilge sa chomhthéacs trasnáisiúnta

### An Dr. Ailbhe Nic Giolla Chomhaill

- Cultúr béil na Gaeilge
- Cnuasach Bhéaloideas Éireann
- Traidisiún scéalaíochta na mban
- An béaloideas agus an éiceolaíocht
- An imirce agus an traidisiún béil
- Litríocht na gConallach

### An Dr. Liam Ó hAisibéil

- Taighde agus anailís ar ghné ar bith de logainmneacha na hÉireann
- Taighde ar ainmneacha pearsanta agus ar shloinnte na hÉireann agus anailís ar ghnásanna ainmnithe na tíre seo

### An Dr Colm Ó Cuaig

- Teanga agus litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche
- Léann na lámhscríbhinní
- Foclóireacht
- Teangeolaíocht chorpais
- Teicneolaíochtaí teanga

## An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin

- Teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban agus Mhanann
- Caighdeáin agus canúintí
- Teanga agus saíocht na Gaeilge ón 17ú haois i leith

## An Dr. Oisín Ó Muirthile

- Stair agus forbairt na Gaeilge, idir Luath agus Nua litríocht na Luath-Ghaeilge
- An tsanasaíocht
- An teangeolaíocht chomparáideach agus Léann na hInd-Eorpaise
- Teangacha an Lucht Siúil
- Aistriúchán liteartha na Nua-Ghaeilge

## An Dr. Jeannine Woods

- Scannánaíocht na Gaeilge
- Drámaíocht na Gaeilge
- Litríocht Bhéil na Gaeilge
- An tÚrscéal Gaeilge
- Ceisteanna inscne i gcultúr/litríocht na Gaeilge

## NG4103 Scannánaíocht na Gaeilge

**Jeannine Woods**

**Seomra: An Téatar**

****Ní bheidh mic léinn a bhfuil an modúl NG2102 nó an cúrsa ar an scannánaíocht a bhí ina chuid de NG259 déanta acu cheana féin i dteideal tabhairt faoin modúl seo.**

Dírítear sa mhodúl seo ar ghnéithe de léann na scannánaíochta agus déantar anailís ar scannánaíocht na Gaeilge ag tarraingt ar scoláireacht léann na scannánaíochta agus na Gaeilge. Déantar scagadh ar an scannánaíocht mar mheán, ag féachaint ar theanga na scannánaíochta agus ar cheist an inléirithe sa scannánaíocht.
Breathnófar ar stair scannánaíocht na Gaeilge agus déanfar anailís chriticiúil ar scannáin éagsúla Gaeilge. Pléifear inléirú na scannánaíochta Gaeilge ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge agus na hÉireann agus féachfar ar ról na scannánaíochta Gaeilge in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

Beidh tú ag féachaint ar scanná(i)n idir na léachtaí ar bhonn seachtainiúil agus rachaidh tú i mbun plé sna léachtaí bunaithe ar an ábhar sin. **Tá bunriachtanas ann go mbeidh an mac léinn sásta féachaint ar na scannáin chuí gach seachtain.**

Measúnú :
40%: Measúnú leanúnach
60%: Aiste

## NG4104 Cineál agus Ceart na Gaeilge

### Tadhg Ó hIfearnáin

### Seomra 104

Dírítear sa mhodúl seo ar an éagsúlacht teangeolaíochta atá sa Ghaeilge labhartha agus scríofa, agus ar an tuiscint atá ag cainteoirí agus ag lucht léinn ar na difríochtaí sin. Féachfar ar an bhfad atá agus a cheaptar a bheith idir cineálacha éagsúla Gaeilge agus ar na luachanna a chuirtear orthu. Déanfar anailís ar na socruithe agus conspóidí maidir le caighdeánú ghramadach agus litriú na Gaeilge, agus ar na hathruithe cultúrtha agus eitneolaíochta a tháinig ar an teanga féin ó aimsir na hAthbheochana go dtí an lá inniu. Pléifear gnéithe de scéal comhaimseartha Ghaeilge na hAlban agus Mhanann sa chomhthéacs sin.

Measúnú :
20%: Léirmheas ar shaothar faoi dhúshláin litriú na Gaeilge nó faoi shochtheangeolaíocht an litrithe agus na litearthachta.
30%: Aiste ghearr chriticiúil ar dhearcadh na ndaoine ar fhoirm faoi leith de chuid na Gaeilge labhartha nó scríofa.
50%: Taighde ar ghné d'fhorbairt nó de chaighdeánú na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban nó Ghaeilge Mhanann.

## NG4106 Ainmeolaíocht na Gaeilge

### Liam Ó hAisibéil

### Dé Céadaoin @11.00; Déardaoin @10.00, Seomra 204

***** Ní bheidh mic léinn a bhfuil an modúl NG2107 déanta acu i dteideal tabhairt faoin modúl seo. ^Beidh léacht amháin sa mhodúl seo ar siúl ar an Déardaoin ar 10.00. Caithfidh mic léinn a bheith ar fáil le freastal ar léachtaí uile an mhodúil**

Is cuid lárnach den chultúr, den fhéiniúlacht, agus de scéal na Gaeilge féin iad na hainmneacha, idir ainmneacha pearsanta agus logainmneacha, agus sa mhodúl seo déanfaidh tú iniúchadh ar bhunús, ar fheidhm, ar fhorbairt, ar bhrí agus ar struchtúr ainmneacha pearsanta, sloinnte, agus logainmneacha na tíre. Féachfar le léargas grinn a thabhairt duit ar an scoláireacht (idir stairiúil agus reatha) a bhaineann leis an réimse léinn seo, chomh maith le deis a thabhairt duit roinnt de mhodhanna taighde na hainmeolaíochta a chur i bhfeidhm tú féin mar chuid de mheasúnú an mhodúil. Maidir leis an modh measúnaithe, beidh togra taighde gearr le déanamh agat ar cheann de mhórthéamaí an mhodúil chomh maith le haiste acadúil ar cheann de mhórthéamaí an mhodúil ag deireadh an téarma. Nuair atá torthaí foghlama an mhodúil seo bainte amach agat, beidh tú in ann taighde neamhspleách a dhéanamh ar cheist nó ar thogra taighde sa réimse léinn seo ag úsáid acmhainní scolártha cuí, agus beidh léargas domhain faighte agat ar ilghnéitheacht agus ar shaibhreas ár n-ainmneacha dúchasacha.
Measúnú:
50% Measúnú leanúnach
50% Aiste

## NG4112 Scríbhneoirí Thír Chonaill

### Ailbhe Nic Giolla Chomhaill

### Seomra 106

Sa chúrsa seo, déanfaidh na mic léinn staidéar ar Scríbhneoirí Thír Chonaill. Sa chéad chuid den chúrsa, déanfar iniúchadh ar shaothair phróis le Séamus Ó Grianna agus Seosamh Mac Grianna, beirt a raibh tionchar suntasach acu ar fhorbairt na nualitríochta i nGaeltacht Thír Chonaill. Sa dara leath den chúrsa, díreofar ar shaothair phróis, idir ghearrscéalta agus úrscéalta, le glúin úr scríbhneoirí atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. Ag deireadh an chúrsa beidh ar do chumas cur síos a dhéanamh ar litríocht Ghaeilge Thír Chonaill ó bhéal agus i scríbhinn, ar na Griannaigh agus ar scríbhneoirí úra atá ar an fhód le blianta beaga anuas.

Measúnú:
25% Measúnú Leanúnach
75% Aiste

## NG4116 Litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche

### Colm Ó Cuaig

### Seomra: Dé Máirt 214; Dé Céadaoin Seomra 103, Bloc S

Cuirfear eolas sa mhodúl seo ar théacsa a cumadh, a cóiríodh agus a breacadh sa tréimhse 1200–1650. Is ar an bprós a dhíreofar go príomha áit a bpléifear agus a léifear sleachta as téacsanna ilghnéitheacha. Tabharfar spléachadh chomh maith ar fhilíocht na linne, ar a hábhar, a cuid meadarachtaí agus ar an gcaighdeán teangan ba dhual di. I gcaitheamh an mhodúil, cuirfear eolas ar theanga na dtéacsa a léifear agus ar a cosúlacht is a héagosúlacht le teanga na linne seo.

Measúnú:
30% Measúnú leanúnach
70% Scrúdú Tí

## NG4117: An Dán Fada sa Ghaeilge

**Ríóna Ní Fhrighil**
**Seomra 116**

Bíonn luí ag filí na Gaeilge leis an dán ghairid agus is iad na liricí gearra seo a bhíonn ar churaclam na meánscoile agus na hollscoile, de ghnáth. Sa mhodúl seo, díreofar ar roinnt dánta fada, ina measc: "Aifreann na Marbh" le hEoghan Ó Tuairisc agus "An Lá go dTáinig Siad" le Derry O'Sullivan. Insítear scéal sa dá dhán seo agus baineann an dán dhán le himeachtaí móra domhanda san fhichiú haois.

Measúnú:
Measúnú leanúnach 100%

## WE111 Introduction to Welsh Language

**Graham Isaac**
**Seomra 211**

**Ba cheart do mhic léinn a mbeadh suim acu sa mhodúl Breatnaise labhairt le Graham Isaac a luaithe agus ab fhéidir:** graham.isaac@ollscoilnagaillimhe.ie

Tá an Bhreatnais ar an teanga Cheilteach is mó úsáid faoi láthair, bíodh sé i ngnáthchaint na ndaoine nó sa réim fhoirmiúil. Tugann an cúrsa léargas ar theanga labhartha agus scríofa chomhaimseartha na Breataine Bige, ach díríonn sé go háirithe ar an teanga labhartha. Cúrsa do bhuntosaitheoirí sa teanga atá ann. Cuirfear an t-ábhar foghlama ar fáil le linn an chúrsa.

Torthaí foghlama:

- Bunús gramadaí na Breatnaise comhaimseartha.
- Bheith in inmhe comhrá simplí a thuiscint agus páirt a ghlacadh ann.
- Eolas faoi ghnéithe de chultúr comhaimseartha na Breatnaise agus na Breataine Bige.

## Seimeastar 2 :

## NG4105: An Béaloideas – An Scéalaíocht

**Ailbhe Nic Giolla Chomhaill**
**Seomra: An Téatar**

Modúl cuimsitheach a chlúdaíonn gnéithe éagsúla de scéalaíocht bhéil na Gaeilge. Díreofar sa chéad chuid den mhodúl ar 'An Seanscéal nó An Scéal Iontais' (*Folk Tale, Wonder Tale*) agus sa dara cuid den mhodúl ar 'An Creideamh Sí agus Finscéalta Sí' (*Fairy Legend*). Pléifear na difríochtaí idir na seánraí scéalaíochta seo agus tabharfar suntas do na plotaí agus do na téamaí a thagann chun cinn iontu. Cuirfear san áireamh scéalta agus scéalaithe mór le rá ó cheantair éagsúla, agus díreofar aird ar phointí canúna agus na scéalta á léamh agus á n-aithris os ard. Cuirfear téacsanna na scéalta ar fáil ar Canvas, agus beidh taifeadadh fuaime den scéal

ar líne i bhformhór na gcásanna. Cuirfear léitheoireacht thánaisteach a bhaineann le traidisiún scéalaíochta na hÉireann ar fáil ar Canvas, chomh maith, agus déanfar plé sna léachtaí ar shaothair chritice a bhaineann le hábhar.

Measúnú:
25%: Cuntas ó bhéal ar dhá scéal maidir le plota agus téamaí. Le taifeadadh agus le huaslódáil ar Canvas i Seachtain 7.
75%: Aiste 1500 focal le scríobh do dheireadh an tseimeastair. Cuirfear na teidil agus an spriocdháta ar Canvas i Seachtain 6. Déanfar an aiste a uaslódáil ar Turnitin.

## NG4109: Próslitríocht na Gaeilge

### Colm Ó Cuaig

### Seomra: An Téatar

Tabharfar spléachadh sa mhodúl seo ar fhás agus ar fhorbairt phróslitríocht na Gaeilge. Díreofar go sonrach ar dhá fhoirm próis faoi leith: an t-úrscéal stairiúil agus an athnuachan liteartha. Léifear go mion an t-úrscéal *An Fear Dána* (Titley 1993) a dhéanann cur síos ar shaol an fhile stairiúil Muireadhach Albanach Ó Dálaigh a mhair sa 13ú haois. Pléifear a ghaol le húrscéalta stairiúla eile, an domhan fileata a chruthaíonn an t-údar ann, agus a n-insíonn sé dúinn faoin domhan sin agus fírinne na staire. Ina theannta sin, léifear athnuachan liteartha a rinneadh ar an seanscéal 'Tromdhámh Guaire' a shíolraíonn ón domhan céanna sin. Fiosrófar an t-íomhá den aos dána a cruthaítear in *An Tromdhámh* (Ó Béarra 2018), a ghaol nó a chosúlacht leis an léargas a fhaightear orthu in *An Fear Dána*, agus an chaoi ar cuireadh an seanscéal in oiriúint don saol nua.

Measúnú:
100% Scrúdú Ollscoile

## Beartas maidir le Spriocdhátaí agus Measúnú Leanúnach

**Is gá cloí le gach spriocdháta a leagtar síos d'aiste nó do mheasúnú leanúnach. Má leagtar isteach aiste nó measúnú leanúnach go déanach gan cúis mhaith, is é seo polasaí na Roinne:**

- Bainfear **10%** den mharc a bhronntar an chéad tseachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 6% den mharc);
- Bainfear **20%** den mharc a bhronntar an dara seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 12% den mharc);
- Bainfear **30%** den mharc a bhronntar an tríú seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 18% den mharc).
- **Ní ghlacfar leis an obair ina dhiaidh sin.**
- I gcásanna eisceachtúla (m.sh. tinneas nó cúinsí pearsanta eile), is féidir síneadh ama a thabhairt do mhac léinn. I gcás mar sin, is faoin gComhordaitheoir Bliana nó faoin gColáiste a bheidh sé síneadh ama a cheadú.
- Is féidir leis an mac léinn na cúinsí a mhíniú do léachtóir, don Chomhordaitheoir Bliana nó do Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh (féach polasaí an Choláiste ag an nasc seo)
- Is gá don mhac léinn teastas leighis nó fianaise eile scríofa (más ann dó) a thabhairt don Choláiste le go gceadófar síneadh ama. Mura bhfuil fianaise scríofa ann, is gá dó/di an Coláiste a shásamh go bhfuil cás bailí aige/aici.
- Nuair a bheidh an Coláiste sásta go bhfuil leithscéal bailí ann, cuirfidh sé an Ceann Roinne agus an Comhordaitheoir Bliana ar an eolas. Ní shárófar rúndacht an mhic léinn má tá ceist rúndachta ann.
- Déanfaidh an Comhordaitheoir Bliana, i gcomhar leis an léachtóir más gá, socrú faoin síneadh ama ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé/sí an mac léinn agus an Ceann Roinne ar an eolas ar an ríomhphost.

## Beartas maidir le Bradaíl/Tagairtí a úsáid

- Is gá úsáid a bhaint as leabharliosta an mhodúil ar an gcéad dul síos in aiste ollscoile.
- Is féidir ábhar breise nach bhfuil ar an leabharliosta a úsáid ach is gá a chinntiú gur ábhar acadúil atá ann.
- Is gá a bheith an-chúramach faoi ábhar eile nach ábhar acadúil é a úsáid in aiste, mar shampla scéalta nuachta agus suíomhanna idirlín ginearálta a mbíonn tóir ag an bpobal mór orthu. Má tá amhras ort faoi fhoinse, cuir ceist ar do léachtóir.
- Moltar do gach mac léinn polasaí na hollscoile faoin mbradaíl a léamh go cúramach: https://www.universityofgalway.ie/centre-excellence-learning-teaching/teachinglearning/academicintegrity/
- Tá treoir faoi conas an bhradaíl a sheachaint ar fáil san acmhainn seo ón Leabharlainn: https://libguides.library.universityofgalway.ie/Plagiarism
- Caithfear úsáid a bhaint as tagairtí acadúla i ngach aiste a chuirtear faoi bhráid Roinn na Gaeilge. Is gá tagairtí a chur i dtéacs na haiste agus ag deireadh na haiste mar leabharliosta. Mura ndéanfar an dá rud sin, ní cheartófar an aiste agus d'fhéadfaí tús a chur le fiosrúchán bradaíola. Tá Bileog Stíle Roinn na Gaeilge ceangailte leis seo mar eolas duit. Is ceart an Bhileog seo, nó córas aitheanta tagartha eile, a úsáid.
- Caithfear an leathanach clúdaigh seo a cheangal le gach cóip chrua a leagfaidh tú isteach. **Ní gá go mbeadh sé san áireamh sa leagan leictreonach.**

Ollscoil na Gaillimhe

University of Galway

# Roinn na Gaeilge

## Bileog Stíle/Treoir faoi Thagairtí

Tá sé thar a bheith tábhachtach aon fhoinse eolais a úsáideann tú a lua **i gceart** in aon phíosa oibre a thugann tú do léachtóir (aiste, tionscadal srl.). **Is féidir teip a thabhairt do mhac léinn nach ndéanann é seo, toisc gur bradaíl liteartha atá ann.** Cloítear mar sin leis na rialacha atá i bhfeidhm go ginearálta maidir le liosta leabhar/liosta foinsí Idirlín srl., a chur le chéile. Is é **Harvard** an córas a mholtar agus is air sin atá an treoir seo bunaithe.

Má tá taithí agat ar chóras aitheanta eile, is féidir é sin a úsáid ach ní mór duit cloí le córas amháin.

## 1. Tagairtí agus Píosaí Athfhriotail

Is iondúil go dtagraítear do thuairimí údar eile in aiste acadúil le tuairimí agus pointí eolais a léiriú. Nuair a bhaineann tú úsáid as **focail údair eile** i d'aiste féin, cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo a leanas:

**Sampla** [**tagairt dhíreach**]:

Tuigtear do Nic Eoin go bhfuil oiliúint an aistritheora le sonrú ar fhilíocht an Bhreathnaigh agus ar an tsainúsáid a bhaineann sé as focail:

> Is ag plé go heolaíochtúil le focail a bhíonn an téarmeolaí agus an t-aistritheoir, á scagadh, á gcumadh agus á gceartú, á múnlú, á n-ionramháil agus á roghnú ar mhaithe le cruinneas agus soiléire machnaimh agus cumarsáide. Sílim go dtagann cuid mhaith de thréithe na filíochta ag Colm Breathnach as an údarás teangeolaíoch sin atá ar a chúl. (Nic Eoin, 2010: 233)
>
> [NB: Tá an sliocht thuas **eangaithe,** i gcló 10 agus tá spásáil shingil anseo. Níl uaschamóga in úsáid.]

Más amhlaidh go dtugann tú achoimre **i d'fhocail féin** ar a rud a dúirt údar eile (is é sin, mura bhfuil sliocht as a shaothar tugtha focal ar fhocal i d'aiste), cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo:

**Sampla** [**tagairt indíreach**]:

Áitíodh gurbh í íogaireacht na linne faoin duine agus an pobal ina maireann sé an tionchar idirnáisiúnta ba mhó a bhí ar an úrscéal nua-aimseartha Gaeilge ó bhlianta an chogaidh i leith (Titley, 1991: 520).

***<u>Gnéithe eile</u>***

**Dátaí:** Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 2012. Scríobh 'na caogaidí' in ionad 'na 50í'.

**Uimhreacha:** Ba cheart na huimhreacha níos lú na 10 a chur i bhfoirm scríofa: 'sé theach'. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: '141 timpiste'. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar '16 faoin gcéad' sa téacs ach '16%' i aon táblaí atá in úsáid agat.

**Spásáil:** Ba cheart go mbeadh spásáil 1.5 in úsáid tríd an téacs ar fad ach amháin i gcás tagairtí díreacha - spásáil shingil a úsáidtear sa chás sin.

## 2. Leabharliosta (Liosta foinsí ag deireadh an téacs)

- Cuirtear liosta foinsí ar fáil ag deireadh na haiste. Tugann an liosta seo eolas cruinn don léitheoir faoi na foinsí a d'úsáid tú leis an aiste a scríobh. Ba cheart na foinsí a chur i gcatagóirí éagsúla más cuí: foinsí clóite, foinsí neamhfhoilsithe, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse srl.
- Ba cheart go mbeadh eolas cruinn faoin údar (nó faoin eagarthóir), dáta foilsithe, teideal an tsaothair agus faoin bhfoilsitheoir.

### 2.1 Leabhair

***Samplaí*:**

Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

O'Donnell, J. & de Fréine, S., 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha.* Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.

Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

### 2.2 Ailt i Leabhair

***Samplaí*:**

Mac Mathúna, L., 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Difriúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal'. In: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) *Teagasc na Gaeilge 8*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 48-59.

Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne'. In: Denvir, G. (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 61-76.

### 2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin Chlóite

***Samplaí*:**

Mac Conghail, M., 2003. 'Aer is talamh titithe ina chéile – aiste léirmheasa'. *Comhar*, 63(6), 3-7.

Holland, M., 1997. 'McAleese will give wrong message to Unionists'. *Irish Times,* 14 Deireadh Fómhair, 18.

### 2.4 Dán nó gearrscéal i gcnuasach

***Samplaí*:**

Ní Dhomhnaill, N., 1998. "Na Murúcha a Thriomaigh". *Cead Aighnis.* An Daingean: An Sagart, 15.

Ó Conghaile, M., 2006. "Ar Pinsean sa Leithreas". In: Ó Conchubhair, B. (eag.) *Gearrscéalta na Linne seo*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 215-27.

### 2.5 Foilseachán corparáideach nó rialtais

***Samplaí*:**

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2011. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

### 2.6 Cláir Raidió agus Teilifíse

***Samplaí*:**

Breathnach, P., 'Soiscéal Pháraic', TG4, 6 Samhain 2005.

Handy, C., 'The Open Mind', RTÉ Radio 1, 6 Samhain 1997.

Ní Dhonnchú, B., 'Adhmhaidin', RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2002.

### 2.7 Agallaimh a rinneadh don taighde

***Sampla*:**

Ó Neachtain, J.S., 2013. Agallamh le Joe Steve Ó Neachtain, scríbhneoir, An Spidéal, 1 Meán Fómhair.

### 2.8 Cumarsáid phearsanta

***Sampla***:

Ó Cuirreáin, S., 2012. Cumarsáid phearsanta le Seán Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga, 9 Iúil.

### 2.9 Tráchtais neamhfhoilsithe

***Sampla***:

Burke, W. J., 1968. 'A Contribution to the Phonology and Lexicon of the Irish of East Cork'. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## 2.10 Foinsí Leictreonacha

### 2.10.1 Ábhar ar an Idirlíon

***Samplaí*:**

Foras na Gaeilge, 2018. *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta* [ar líne]. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge. Ar fáil ag: http://www.forasnagaeilge.ie/anailis-ar-mhunlai-solathair-gaelscolaiochta/ (léite 1 Iúil 2018).

Ní Thuathaláin, M., 2018. *300 acht fós gan leagan Gaeilge agus cás cúirte tosaithe in aghaidh an stáit* [ar line]. Tuairisc.ie. Ar fáil ag: https://tuairisc.ie/300-acht-fos-gan-leagan-gaeilge-agus-cas-cuirte-tosaithe-in-aghaidh-an-stait/ (léite 5 Iúil 2018).

### 2.10.2 Irisí leictreonacha

***Sampla*:**

Ní Chualáin, F., 2013. 'An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn'. *Léann Teanga: An Reiviú* [ar líne], 2013. Ar fáil ag: http://leannteangaanreiviu.oegaillimh.ie/node/141 (léite 1 Aibreán 2014).

### 2.10.3 Dlúthdhioscaí/Fístéipeanna/Dioscaí

***Sampla*:**

Quinn, B., 2004. *Splanc Dheireadh na Gaeltachta* [DVD]. Cinegael/Gael Media (feicthe 23 Meán Fómhair 2009).

### 2.10.4 Podchraoltaí/Físeáin ar líne

***Sampla:***

Ó Ciaraidh, M., 2020. 'Caint, comhrá agus Coppers le réalta TG Lurgan, Jeaic Ó Conghaile', *Canbhás Uí Chiaraidh*, BlocTG4 [Podchraoladh]. 30 Meitheamh 2020. Ar fáil ag https://creators.spotify.com/pod/profile/bloctg4/ (rochtain faighte 23 Deireadh Fómhair 2023).